C/2025/5168

23.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12141 — OAKLEY CAPITAL / GA / AT / BREVO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5168)

1. An 8 Meán Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Oakley Viking Luxco S.à.r.l. ('Oakley Capital', Beirmiúda), faoi rialú Oakley Capital Group Holdings Limited (Beirmiúda),

— General Atlantic Bloom B.V. ('GA', SAM), faoi rialú General Atlantic Service Company, L.P. (Stáit Aontaithe),

— Armand Thiberge ('AT', an Fhrainc), agus

— Eiffel 65 SAS ('Brevo', an Fhrainc).

Gheobhaidh Oakley Capital, GA agus AT rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Brevo ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta uile-Eorpach atá dírithe ar fhás é Oakley Capital agus díríonn sé ar infheistíocht a dhéanamh ar fud phríomhearnálacha na dtomhaltóirí, na teicneolaíochta, na seirbhísí gnó agus an oideachais dhigitigh,

— Is cuideachta shealbhaíochta infheistíochta é GA atá ina cuid de ghrúpa cistí infheistíochta General Atlantic, ar gnólacht cothromais phríobháidigh domhanda é sin a sholáthraíonn caipiteal agus tacaíocht straitéiseach do chuideachtaí fáis in earnálacha na haeráide, na dtomhaltóirí, na seirbhísí airgeadais, an chúraim sláinte, eolaíochtaí na beatha, na teicneolaíochta agus an bhonneagair inbhuanaithe,

— Is duine príobháideach é AT a bhfuil infheistíochtaí aige in earnálacha an fhuinnimh, na mbogearraí agus na ladrann,

— Is cuideachta bogearraí é Brevo a dhearann agus a dháileann 'bogearraí mar sheirbhís' a chuireann ar a gcumas dá úsáideoirí a ngníomhaíochtaí margaíochta, díolacháin agus seirbhíse a bhainistiú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12141 — OAKLEY CAPITAL / GA / AT / BREVO

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË